Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2145(DEC)

24.11.2025

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chun an Choiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún (2025/2145(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Raquel García Hermida-Van Der Walle

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhionannas a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht faoi Airteagal 8 CFAE, lena mbunaítear príomhshruthú inscne; de bhrí nach bhfuil na buiséid inscne-neodrach agus nach mór iad a tharraingt suas agus a urscaoileadh agus é mar chuspóir acu an comhionannas inscne a bhaint amach;

B. de bhrí gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún arís agus arís eile an príomhshruthú inscne, lena n-áirítear buiséadú inscne agus measúnuithe tionchar inscne, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais;

C. de bhrí nach bhfuil anailís déanta ag an gCoimisiún ar oiriúnacht céatadán de bhuiséad an Aontais a mholadh chun tacú leis an gcomhionannas inscne.

1. ag aithint thiomantas an Aontais don phríomhshruthú inscne agus d'fheabhas a chur ar an modheolaíocht chun an caiteachas inscne a rianú; á chur in iúl gur oth léi nach leor modheolaíocht an Choimisiúin fós, ó nach ngabhtar éifeachtaí diúltacha agus go bhfágtar éiginnteacht 20% den am léi maidir lena tionchar inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún an mhodheolaíocht a fheabhsú agus tionchair dhiúltacha a rianú;

2. á chur in iúl gur geal léi gur nuashonraíodh treoirlínte agus bosca uirlisí do rialáil níos fearr; á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn in anailísí inscne a dhéanamh ar riachtanais agus ar thionchair chláir chistiúcháin an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún na hanailísí sin a dhéanamh go comhsheasmhach; á threorú dó an measúnú tionchair ar chéad-CAI eile a thosú, lena n-áirítear anailísí inscne;

3. ag tabhairt dá haire nach leor fós an fhaisnéis faoi thionchar inscne bhuiséad an Aontais; ag cur béim ar easnaimh i mbailiú, i dtuairisciú agus i meastóireacht láimhe ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de; á iarraidh ar an gCoimisiún chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an gcéatadán de bhuiséad an Aontais ar cheart dó tacú leis an gcomhionannas inscne; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh cuspóirí agus táscairí feidhmíochta i reachtaíocht uile na todhchaí, céad-CAI eile san áireamh.